



An Roinn Ealaíon, Oidhreachta,
Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage,
Regional, Rural and Gaeltacht Affairs



Cúntóir Taighde

Post ar conradh – suas le 24 mhí ó 1 Eanáir 2017

Tá cúntóir taighde ar conradh á earcú ag Fiontar agus Scoil na Gaeilge chun oibriú ar thionscadail éagsúla i réimsí na téarmeolaíochta agus na ndaonnachtaí digiteacha Gaeilge. D'fhéadfadh obair ar na tionscadail éagsúla seo a bheith i gceist ó am go ham: logainm.ie, tearma.ie, ainm.ie, iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge), duchas.ie agus gaois.ie. Beidh an cúntóir taighde ina bhall de mheitheal idirdhisciplíneach a phléann le gnéithe den téarmeolaíocht, den logainmníocht, den bheathaisnéisíocht agus den bhéaloideas, i measc réimsí eile.

Riachtanais:

Bunchéim onóracha sa Nua-Ghaeilge (2.1 ar a laghad i ngné na Gaeilge den chéim). Tá caighdeán ard cruinnis sa Ghaeilge scríofa agus eolas ar an ngramadach riachtanach. D'fhéadfadh tástáil scríofa sa Ghaeilge a bheith mar chuid den phróiseas earcaíochta.

Ní mór d'iarratasóirí bheith sásta oibriú mar bhall de mheitheal idirdhisciplíneach, bheith dea-eagraithe, tionscantach agus in ann spriocanna a chomhlíonadh. Is gá bunscileanna ríomhaireachta a bheith ag iarrthóirí freisin.

Tuarastal ar an scála: €22,396–€23,069

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le Fiontar agus Scoil na Gaeilge chun an post seo a phlé: An Dr Gearóid Ó Cleircín (01-700 5789); gearoid.ocleircin@dcu.ie

Spriocdháta iarratais: 12.00 meán lae, Dé Luain 17 Deireadh Fómhair

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar: www.dcu.ie/vacancies/current.shtml nó ó:

Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Fón: +353 (0)1 700 5149; Faics: +353 (0)1 700 5500

R-phost: hr.applications@dcu.ie

Luaigh go soiléir le do thoil i d'iarratas agus i dteideal do ríomhphoist an ról go bhfuil tú ag cur isteach air: Job Ref# 404: Cúntóir Taighde

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Déanann an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, páirtmhaoiniú ar chuid de na tionscadail seo.